Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 26 Feabhra 2026**
**(OR. en)**

**6665/26**

**SOC 101**
**JEUN 28**
**EDUC 58**
**ECOFIN 244**
**ANTIDISCRIM 16**
**FREMP 67**
**COHOM 38**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir le hinfheistíocht a dhéanamh sna leanaí: folláine leanaí agus cuimsiú sóisialta a neartú agus bochtaineacht leanaí san Aontas Eorpach a chomhrac<br>– *Formheas* |

1. D'ullmhaigh an Uachtaránacht dréacht-Chonclúidí ón gComhairle faoin teideal 'Infheistíocht a dhéanamh sna leanaí: folláine leanaí agus cuimsiú sóisialta a neartú agus bochtaineacht leanaí san Aontas Eorpach a chomhrac'.

2. Scrúdaigh an Mheitheal um Cheisteanna Sóisialta na Conclúidí an 8 Eanáir, an 30 Eanáir agus an 23 Feabhra 2026.

3. Thángthas ar chomhaontú i bprionsabal maidir leis an dréacht-téacs mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo é.

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe na dréachtchonclúidí san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo a chur ar aghaidh chuig Comhairle EPSCO lena bhformheas ag an seisiún a bheidh aici an 9 Márta 2026.

**Infheistíocht a dhéanamh sna leanaí: folláine leanaí agus cuimsiú sóisialta a neartú agus bochtaineacht leanaí san Aontas a chomhrac**

**Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle**

**AGUS AN MÉID A LEANAS Á MHEABHRÚ AICI:**

1. **Chun folláine leanaí a aithint mar thosaíocht thrasearnálach de chuid an Aontais ní mór infheistíocht** chórasach **a dhéanamh sna leanaí agus** cearta leanaí **a chur chun cinn**, mar a chumhdaítear in Airteagal 24 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh iad, a bhfuil feidhm aige maidir le hinstitiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais – agus leis na Ballstáit nuair a bhíonn dlí an Aontais á chur chun feidhme acu – sna gníomhaíochtaí ar fad a dhéanann an tAontas i réimsí mar an tsláinte, an cuimsiú sóisialta, an t-oideachas agus cosaint leanaí, i gcomhréir le hinniúlachtaí an Aontais. Trí bheartais shóisialta, chríochacha, oideachasúla, eacnamaíocha, dhigiteacha, aeráide agus chomhshaoil, i measc beartais eile, féadtar feabhas fóinteach a chur ar shaol leanaí agus ar na deiseanna a bheidh acu amach anseo agus leas a dhéanamh ar bhonn idirghlúine ó thaobh na sláinte, na folláine, an gheilleagair, agus ar deireadh thiar, ó thaobh ár sochaithe agus ár ndaonlathas de. Leis an gcur chuige iomlánaíoch sin, cuirtear gach leanbh i gcroílár chlár oibre inbhuanaithe, cuimsitheach, réamhbhreathnaitheach na hEorpa um an bhforbairt.

2. Aithnítear in Airteagal 27 de **Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (UNCRC)**, atá daingnithe ag Ballstáit uile an Aontais, an ceart atá ag gach leanbh chun caighdeán maireachtála atá leordhóthanach dá fholláine fhisiciúil, mheabhrach, spioradálta, mhorálta agus shóisialta, agus tá sé ina threoir i gcónaí do ghníomhaíocht an Aontais maidir le folláine leanaí a chur chun cinn agus a chosaint i réimsí éagsúla beartais. Cuimsíonn an gealltanas sin Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas, ar dhaingnigh an tAontas agus Ballstáit an Aontais é freisin, lena chinntiú go mbeidh cearta agus deiseanna comhionanna ag leanaí faoi mhíchumas.

3. **Tá Clár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe agus a Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFInna) á gcur chun feidhme ag an Aontas Eorpach i gcónaí.** Leis an gClár Oibre, cuirtear prionsabail an chomhionannais agus an neamh-idirdhealaithe, an chomhionannais inscne, dhíothú na bochtaineachta, agus na saoirse ó fhoréigean agus ó dhúshaothrú leanaí i gcroílár na n-iarrachtaí ar an bhfolláine a chur chun cinn do gach duine gan beann ar aois agus ar a áirithiú go gcaithfear go measúil le gach leanbh agus iad ag fás aníos.

4. **Aithnítear i bPrionsabal 11 de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta go bhfuil an ceart ag leanaí cosaint a fháil ar an mbochtaineacht agus go bhfuil an ceart ag leanaí ó chúlraí atá faoi mhíbhuntáiste chun beart sonrach chun an comhionannas deiseanna a fheabhsú.** De dheasca na bochtaineachta, is minic a cheiltear ar leanaí rochtain chomhionann ar dheiseanna ar an oideachas cuimsitheach, rochtain ar Oideachas agus Cúram na Luath-Óige, rochtain ar sheirbhísí sláinte agus sóisialta, bia agus tithíocht leordhóthanach, tacaíocht teaghlaigh, cosaint leanaí agus rochtain ar fhaisnéis. Is dúshlán bunúsach é timthriall idirghlúine an mhíbhuntáiste agus na bochtaineachta a bhriseadh.

5. Leagtar amach sa **Phlean Gníomhaíochta um Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta** trí phríomhsprioc atá ag an Aontas, ar dhíol sásaimh don Chomhairle Eorpach iad, lena n-áirítear an sprioc maidir leis an mbochtaineacht a laghdú: faoi 2030, ba cheart laghdú 15 mhilliún duine ar a laghad a dhéanamh ar líon na ndaoine atá i mbaol na bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta, i gcomparáid le leibhéil 2019. Leagtar cuspóir breise amach sa Phlean Gníomhaíochta, is é sin gur cheart cúig mhilliún leanbh, ar a laghad, a bheith i gceist leis an laghdú sin. Chun rannchuidiú leis an sprioc uile-Aontais sin, leag na Ballstáit ar fad spriocanna náisiúnta síos maidir leis an mbochtaineacht a laghdú. Leag 21 Bhallstát spriocanna comhlántacha síos freisin maidir le bochtaineacht leanaí a laghdú. Is gá tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh chun cuspóir 2030 an Aontais maidir le bochtaineacht leanaí a bhaint amach toisc gur tháinig méadú beag ar líon na leanaí atá i mbaol na bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta in 2024, i gcomparáid le 2019.

6. **Sa Mholadh ón gComhairle an 14 Meitheamh 2021 lena mbunaítear Ráthaíocht Eorpach do Leanaí, féachtar leis an eisiamh sóisialta i measc leanaí atá i ngátar a chosc** agus a chomhrac agus timthriall tarchurtha na bochtaineachta a bhriseadh. Moltar ann go ráthódh na Ballstáit, i gcomhréir leis na hinniúlachtaí náisiúnta, rochtain éifeachtach agus saor in aisce a thabhairt do leanaí atá i ngátar[1] ar oideachas agus cúram na luath-óige ar ardchaighdeán, ar ghníomhaíochtaí oideachais agus scoilbhunaithe, ar chúram sláinte, ar bhéile sláintiúil amháin ar a laghad gach lá scoile, chomh maith le rochtain éifeachtach ar chothú sláintiúil agus ar thithíocht leordhóthanach.

7. **Is é is aidhm do Straitéis an Aontais um Chearta an Linbh a ghlac an Coimisiún** a áirithiú go ndéanfar cearta an linbh a chosaint agus a chur chun cinn i mbeartais uile an Aontais agus i ngach beartas náisiúnta. Díríonn sí, *inter alia*, ar chearta cosanta, rannpháirtíochta agus folláine gach linbh agus ar rochtain ar sheirbhísí bunúsacha a áirithiú do leanaí, gan aon idirdhealú a dhéanamh. Trí pheirspictíocht dírithe ar chearta an linbh a dhaingniú agus leas an linbh á chur san áireamh i ngníomhaíochtaí uile an Aontais, lena n-áirítear ar bhonn domhanda, díríonn an straitéis go háirithe ar rannpháirtíocht fhóinteach na leanaí, agus í oiriúnach dá n-aois agus dá gcéim forbartha, i múnlú na mbeartas a mbíonn tionchar acu ar a saol, trí bhochtaineacht leanaí a laghdú, comhdheiseanna a chur chun cinn, leanaí a chosaint ar gach cineál foréigin[2], ceartas lena dtacaítear le leanaí a chothú agus iad a chosaint agus a chumhachtú agus a rannpháirtíocht sa tsochaí dhigiteach a chur chun cinn. Tá sé i gceist le folláine leanaí a aithint freisin leanaí a chosaint ar choinbhleachtaí leanúnacha agus ar iarmhairtí na gcoinbhleachtaí sin, a bhfuil tionchar acu ní hamháin orthu siúd a bhfuil baint dhíreach acu leis an gcoinbhleacht ach orthu siúd freisin a fheiceann na himeachtaí sin agus atá buartha agus éiginnte faoin todhchaí.

---

[1] Leis an Ráthaíocht Eorpach do Leanaí, iarrtar ar na Ballstáit leanaí atá i ngátar a shainaithint, agus taithí ar mhíbhuntáistí sonracha á gcur san áireamh, go háirithe ag: (a) leanaí gan dídean nó leanaí a bhfuil diandíothacht tithíochta orthu; (b) leanaí faoi mhíchumas; (c) leanaí a bhfuil fadhbanna meabhairshláinte acu; (d) leanaí de bhunadh imirceach nó mionlach eitneach, go háirithe Romaigh; (e) leanaí i gcúram malartach, go háirithe cúram institiúideach; (f) leanaí i staideanna teaghlaigh éiginnte.

[2] Mar a shonraítear a thuilleadh sa Mholadh ón gCoimisiún maidir le córais chomhtháite cosanta leanaí ar mhaithe le leas an linbh (Aibreán 2024).

8. **Sa Mholadh ón gComhairle an 8 Nollaig 2022 maidir le hoideachas agus cúram na luath-óige: spriocanna Barcelona do 2030,** socraítear spriocanna atá le baint amach faoi 2030 maidir le rátaí rannpháirtíochta na leanaí in oideachas agus cúram na luath-óige, agus moltar do na Ballstáit bearta a dhéanamh chun oideachas agus cúram na luath-óige a bheadh inrochtana, cuimsitheach, inacmhainne agus ar ardcháilíocht a áirithiú agus na céimeanna is gá a thabhairt chun go ndúnfar an bhearna idir leanaí atá i mbaol na bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta agus an daonra foriomlán leanaí maidir lena rannpháirtíocht in oideachas agus cúram na luath-óige. Meabhraítear sa Mholadh freisin a thábhachtaí atá infhaighteacht cúraim leanaí atá comhoiriúnach d'fholláine agus d'fhorbairt an linbh agus a fhágann go mbíonn an bheirt tuismitheoirí in ann páirt a ghlacadh i margadh an tsaothair, lena n-áirítear cumhdach na tréimhse idir deireadh saoire tuismitheora arna híoc nó arna cúiteamh go leordhóthanach agus an teidlíocht dhlíthiúil ar oideachas agus cúram na luath-óige, rud a rannchuidíonn leis an mbearna phá idir na hinscní a laghdú agus a thacaíonn le teaghlaigh tuismitheora aonair.

9. **Na Conclúidí ón gComhairle an 9 Meitheamh 2022 maidir le Straitéis an Aontais um Chearta an Linbh,** lena bhféachtar le cosaint leanaí a fheabhsú agus cearta gach linbh a urramú. An Moladh ón gComhairle an 28 Samhain 2022 maidir le Conairí i dtreo na Rathúlachta Scoile, arb é is aidhm dó torthaí oideachasúla níos fearr agus níos cothroime a chur chun cinn, trí luathfhágáil na scoile a laghdú, gnóthachtáil acadúil a mhéadú agus an fholláine ar scoil a chur chun cinn.

10. **Na Conclúidí ón gComhairle an 27 Bealtaine 2025 maidir le meabhairshláinte leanaí agus déagóirí a chur chun cinn agus a chosaint sa ré dhigiteach,** ina n-iarrtar ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún meabhairshláinte agus sláinte fhisiciúil leanaí agus déagóirí a chosaint ar bhealach níos fearr trí úsáid shábháilte shláintiúil uirlisí digiteacha a chur chun cinn agus timpeallacht dhigiteach níos sláintiúla agus níos sábháilte atá oiriúnach ó thaobh aoise de a chruthú.

**AGUS AN MÉID SEO A LEANAS Á AITHINT AICI:**

11. **San aitheasc uaithi ar Staid an Aontais in 2025,** leag an tUachtarán von der Leyen béim ar an ngéarghá atá le Straitéis Eorpach uaillmhianach i gcoinne na Bochtaineachta, ina leagfaí amach plean chun cabhrú leis an mbochtaineacht a dhíothú faoi 2050, agus Ráthaíocht Eorpach láidir do Leanaí mar thaca leis chun leanaí a chosaint ar an mbochtaineacht.

12. **Meastar go nglacfaidh an tAontas cur chuige iomlánaíoch sa Straitéis sin i gcoinne na Bochtaineachta atá ar na bacáin** agus go mbeidh sí ina hionstraim bharrthábhachtach chun timthriall na bochtaineachta agus an eisiaimh shóisialta a bhriseadh agus chun cuidiú le príomhsprioc 2030 an Aontais a bhaint amach, agus prionsabal na coimhdeachta agus éagsúlacht na gcóras agus na gcur chuige náisiúnta á n-urramú ina n-iomláine, chomh maith le huaillmhian an Choimisiúin cabhrú le deireadh a chur leis an mbochtaineacht faoi 2050. Ba cheart ról tábhachtach a bheith ag an Straitéis sin, agus ag neartú na Ráthaíochta Eorpaí do Leanaí, maidir le folláine leanaí a chur chun cinn agus dul i ngleic le bunchúiseanna na bochtaineachta leanaí trí chur chuige saolré, cineál ilghnéitheach na bochtaineachta agus an eisiaimh shóisialta a aithint, an cuimsiú sóisialta a neartú, agus tiomantas an Aontais don chomhionannas agus don cheartas sóisialta a chur chun cinn, agus é á aithint go bhfuil gá le freagairtí spriocdhírithe a bhaineann go sonrach le leanaí seachas bearta ginearálta bochtaineachta má táthar le haghaidh a thabhairt ar bhochtaineacht leanaí.

13. **Cé go ndearnadh dul chun cinn maidir le beartais a chur chun feidhme chun comhdheiseanna leanaí a fheabhsú ó glacadh an Ráthaíocht Eorpach do Leanaí in 2021**, agus athchóirithe go háirithe i ndáil le hoideachas agus cúram na luath-óige agus soláthar béilí scoile, ní mór tuilleadh iarrachtaí a dhéanamh fós chun tacú le gach leanbh, go háirithe iad siúd atá i ngátar.

14. Is iad oideachas agus cúram na luath-óige an chéad chéim den chóras oideachais. Tá an chéim sin fíor-riachtanach chun bunchlocha na foghlama ar feadh an tsaoil, an ratha san oideachas agus an chuimsithe shóisialta a leagan síos, agus chun neamhionannais a laghdú go suntasach. Is gá iarrachtaí níos mó a dhéanamh, i gcomhréir le himthosca náisiúnta, chun feabhas a chur ar cháilíocht, inrochtaineacht agus inacmhainneacht oideachas agus chúram na luath-óige do gach leanbh, go háirithe dóibh siúd atá i staideanna leochaileacha.

15. D'fhéadfadh **an bhochtaineacht**, i measc tosca eile, géarú a dhéanamh ar thosca éagsúla, mar atá, an fhaillí, an t-eisiamh sóisialta, an foréigean, an tsláinte fhisiciúil agus mheabhrach, rochtain ar sheirbhísí agus rochtain theoranta ar shásraí cosanta agus tacaíochta.

16. **Is dóchúla i gcónaí go mbeidh bacainní roimh leanaí atá bocht maidir le rochtain a fháil ar sheirbhísí atá fíor-riachtanach dá ndea-fholláine,** lena n-áirítear oideachas agus cúram na luath-óige, chomh maith le forbairt scileanna luath-óige, oideachas agus oiliúint chuimsitheach, faisnéis, gníomhaíochtaí scoilbhunaithe, cúram sláinte inrochtana lena n-áirítear meabhairshláinte, cothú sláintiúil, gníomhaíocht choirp agus tithíocht leordhóthanach agus gníomhaíochtaí seach-churaclaim nó fóillíochta. D'fhéadfadh na bacainní sin a bheith i bhfoirmeacha éagsúla do chailíní agus do bhuachaillí, ag brath ar a gcúinsí aonair, ar a n-aois agus ar a dtimpeallacht mhaireachtála agus is measa arís iad go minic mar gheall ar dhifríochtaí réigiúnacha, go háirithe bearnaí maidir le hinfhaighteacht, rochtain agus cáilíocht seirbhísí idir ceantair uirbeacha agus thuaithe. Má thosaítear saol linbh faoi mhíbhuntáiste, bíonn impleachtaí fadtéarmacha aige sin ar fhorbairt agus ionchais an linbh amach anseo. Baineann costas sochaíoch le míbhuntáistí a bheith á gcur ar aghaidh ón óige go dtí an aosacht. Ar an meán san Aontas, meastar gur caillteanas 3.4 % de OTI in aghaidh na bliana atá i gceist[3]. Is infheistíocht chostéifeachtach é dul i ngleic le míbhuntáistí ó na luathbhlianta: ní hamháin go gcuirtear le cuimsiú, forbairt chognaíoch agus folláine leanaí, agus lena dtorthaí socheacnamaíocha agus a soghluaisteacht shóisialta nuair is daoine fásta iad, ach rannchuidítear freisin leis an ngeilleagar agus an tsochaí ina n-iomláine.

3 ECFE, The economic costs of childhood socio-economic disadvantage in European OECD countries (EN).

17. Tugann folláine teaghlach cobhsaíocht agus tacaíocht do leanaí, ar féidir leo forbairt phearsanta a dhéanamh ar a mbonn. Tá ról lárnach ag teaghlaigh maidir le hathléimneacht a chothú agus aghaidh a thabhairt ar leochaileachtaí a bhaineann do leanaí agus do dhaoine fásta araon. Tá ról ríthábhachtach acu maidir le straitéisí a fhorbairt chun déileáil le fadhbanna, agus maidir le tacú le forbairt shláintiúil leanaí, arb ábhair iad ar cheart aghaidh a thabhairt orthu go luath, agus aird ar leith á tabhairt ar na céimeanna is luaithe den óige. I gcás leanaí atá i mbaol, níor cheart scaradh ón teaghlach a mheas ach amháin mar rogha dheireanach, nuair a fhónann sé sin do leas an linbh, agus tar éis tacaíocht iomchuí a bheith tugtha. Má táthar le cur chuige cothrománach a ghlacadh i leith chosaint na leanaí, ní mór cúram oiriúnach teaghlachbhunaithe agus pobalbhunaithe a bheith ar fáil, lena gcinntítear go mbainfidh cobhsaíocht, leanúnachas agus coimircí um fholláine leanaí le haon socruithe malartacha cúraim.

Ina theannta sin, nuair a bheidh beartais éifeachtacha á gceapadh chun an bhochtaineacht a chomhrac, ba cheart cur chuige iomlánaíoch agus ildisciplíneach a ghlacadh maidir le riachtanais teaghlaigh, agus aitheantas á thabhairt do na brúnna ama, cúraim, ioncaim agus fostaíochta a thagann salach ar a chéile agus a bhíonn ina ndúshláin go minic do chobhsaíocht agus d’fholláine teaghlach ar ioncam íseal i bhfianaise riachtanais shonracha na dteaghlach aontuismitheora, arb iad is mó atá i mbaol bochtaineachta. Is measa fós na dúshláin sin i bhfianaise na n-athruithe déimeagrafacha, an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh, na mbearnaí leanúnacha idir na hinscní maidir le hioncam agus deiseanna gairme, agus inbhuanaitheacht na gcóras cosanta sóisialta agus pinsean. Beartais a thacaíonn le teaghlaigh iad féin a chur in oiriúint do mhargaí saothair atá ag athrú, d’éilimh nua scileanna, agus do fhreagrachtaí athraitheacha cúraim, rannchuidíonn na beartais sin le folláine agus comhdheiseanna leanaí a chosaint.

**DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS**

**IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT, i gcomhréir lena gcuid inniúlachtaí agus a n-imthosca náisiúnta á gcur san áireamh, AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:**

18. **Folláine leanaí a chur chun cinn trí athléimneacht eacnamaíoch a neartú**. Mar a cuireadh in iúl i dTuarascáil Draghi maidir le hIomaíochas an Aontais, tá neart agus rathúnas fadtéarmach na hEorpa ag brath ar an gcuimsiú agus ar an gcothroime i measc tosca eile. Dá bhrí sin, ní hamháin gur oibleagáid shóisialta é infheistíocht a dhéanamh sna leanaí, ach is infheistíocht straitéiseach é freisin in iomaíochas, cobhsaíocht agus comhtháthú na hEorpa amach anseo.

19. **Dlús a chur leis an dul chun cinn i dtreo sprioc 2030 an Aontais maidir leis an mbochtaineacht a laghdú**, agus, i gcás inarb ábhartha, i dtreo chuspóir na bochtaineachta leanaí, agus aird á tabhairt ar a thábhachtaí atá rochtain ar sheirbhísí fíor-riachtanacha, inacmhainne, cuimsitheacha agus ardcháilíochta, rannpháirtíocht tuismitheoirí atá cothrom ó thaobh inscne de i margadh an tsaothair agus tacaíocht ioncaim agus cúnamh sóisialta mar phríomhchodanna de bheartais maidir le cuimsiú gníomhach chun aghaidh a thabhairt ar bhaol na bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta.

20. Ag brath ar na dúshláin náisiúnta, **treisiú le cur chun feidhme an Mholta ón gComhairle lena mbunaítear Ráthaíocht Eorpach do Leanaí,** lena soláthraítear creat beartais tacaíochta chun bochtaineacht agus eisiamh sóisialta leanaí a chomhrac agus chun comhdheiseanna a fheabhsú ar mhaithe le folláine leanaí atá i ngátar agus a dteaghlach. Ba cheart béim láidir a leagan ar dhúnadh na mbearnaí atá fós ann, i gcomhréir leis na pleananna gníomhaíochta náisiúnta agus na tuarascálacha náisiúnta ar dhul chun cinn, trí infheistíochtaí agus athchóirithe iomchuí. Ba cheart do na Ballstáit, i gcás inarb iomchuí, sineirgí le hionstraimí an Aontais a fheabhsú, lena n-áirítear cistí ón Aontas a úsáid agus cumhdach críochach níos cothroime a chur chun cinn agus seirbhísí ilghnéitheacha á soláthar do leanaí.

21. **Leanúint den mholadh ón gComhairle maidir le hioncam íosta leordhóthanach a chur chun feidhme,** chun cuimsiú gníomhach a áirithiú. Is creat é darb aidhm a áirithiú go mbeidh líontáin láidre sábháilteachta sóisialta i bhfeidhm chun saol faoi dhínit a áirithiú trí thacaíocht ioncaim leordhóthanach agus sochair chomhchineáil a chur ar fáil, agus dreasachtaí á gcosaint ag an am céanna chun daoine atá in ann obair a dhéanamh a (ath)lánpháirtiú agus a choinneáil sa mhargadh saothair.

22. **Chun feabhas a chur ar thimpeallachtaí agus dálaí maireachtála teaghlach agus leanaí agus pobail chuimsitheacha a chothú,** bunaithe ar an gcomhtháthú sóisialta, ar idirghníomhaíochtaí fóinteacha, agus ar chomhionannas deiseanna, moltar do na Ballstáit tacú le spásanna laistigh agus lasmuigh a d'fhéadfaí a dhearadh chun deiseanna a chur chun cinn do gach leanbh, lena n-áirítear leanaí i staideanna leochaileacha, chun go mbeadh rath orthu agus chun go mbainfidís a n-acmhainneacht iomlán amach, rud a chuirfeadh le sochaí chuimsitheach, chothrom, athléimneach agus dhaonlathach.

23. **Scileanna a chur ar leanaí ar fud an Aontais,** go háirithe bunscileanna agus scileanna digiteacha, atá de dhíth ionas go n-éireoidh leo i saol an oideachais, ina saol pearsanta agus ina saol gairmiúil.

24. **Rannpháirtíocht ghníomhach leanaí a neartú sa cheapadh beartas maidir le hábhair a bhfuil tionchar acu ar a saol**, trí uirlisí mar Ardán an Aontais um Rannpháirtíocht Leanaí nó aon sásraí struchtúrtha eile atá oiriúnach ó thaobh aoise de lena n-áirithítear rannpháirtíocht shábháilte, chuimsitheach, inrochtana agus fhóinteach sa chinnteoireacht do leanaí ó chúlraí agus staideanna socheacnamaíocha éagsúla, lena n-áirítear iad siúd atá i staid leochaileach. Áiritheofar leis na sásraí sin go rachfar i muinín tuairimí leanaí chun beartais lena gcuirtear a bhfolláine agus a gcomhdheiseanna chun cinn ar fud an Aontais a cheapadh agus a fhaire.

25. **Cur chuige comhtháite a áirithiú maidir le folláine leanaí ar fud na réimsí beartais ábhartha uile agus ar gach leibhéal rialachais**, agus béim ar leith á leagan ar leanaí atá i staid leochaileach agus ar a dteaghlaigh. Áirítear leis sin iarrachtaí chun folláine gach linbh[4] a phríomhshruthú sa cheapadh beartas agus comhordú níos láidre a chur chun cinn idir beartais, cláir, seirbhísí[5] agus bearta tacaíochta eile ar fud earnálacha éagsúla. Ba cheart rochtain ar spórt, ar chultúr agus ar ghníomhaíochtaí fóillíochta a chuimsiú i bhfolláine agus i bhforbairt na leanaí freisin. Is féidir cur chuige comhtháite a bhaint amach trí rialachas na Ráthaíochta Eorpaí do Leanaí a neartú agus trí thacú le comhordaitheoirí náisiúnta na Ráthaíochta Eorpaí do Leanaí trí bhíthin acmhainní agus sainorduithe leordhóthanacha lenar féidir beartais chomhtháite a chur chun feidhme go héifeachtach, sa chaoi is go gcuirtear sásraí rialachais comhtháite chun cinn lena neartaítear sineirgí idir páirtithe leasmhara gan ceanglais bhreise tuairiscithe nó faireacháin a chruthú, i gcomhréir leis an ngá atá le simpliú. Ba cheart aird a thabhairt freisin ar chórais chomhtháite cosanta leanaí a neartú chun gach cineál foréigin a chosc agus a chomhrac[6].

26. **Cistiú leordhóthanach a thabhairt do bheartais a thacaíonn le folláine leanaí agus a dteaghlach, go háirithe na daoine is leochailí, lena n-áirítear trí leas a bhaint as na deiseanna a chuirtear ar fáil le cistiú ón Aontas.** Ba cheart do na Ballstáit méideanna leordhóthanacha a leithdháileadh, i gcomhréir leis na himthosca náisiúnta is infheidhme, ar chomhrac na bochtaineachta leanaí agus an eisiaimh shóisialta. Tá sé ríthábhachtach a áirithiú go leanfar d'aird agus d'acmhainní leordhóthanacha a dhíriú ar fholláine leanaí chun samhail shóisialta na hEorpa a chaomhnú agus a neartú.

---

4 Gan idirdhealú a dhéanamh i gcoinne an linbh ná a thuismitheoirí nó a chaomhnóirí dlíthiúla ar aon fhoras, lena n-áirítear inscne, cine, dath, bunús eitneach nó sóisialta, airíonna géiniteacha, teanga, reiligiún nó creideamh, tuairim pholaitiúil nó aon tuairim eile, ballraíocht de mhionlach náisiúnta, maoin, breith, míchumas, aois nó gnéaschlaonadh.

5 Trí ardáin mar URBACT, Ardán an Chomhshocraithe um an Tuath, an Tionscnamh Uirbeach Eorpach agus Comhpháirtíochtaí Téamacha an Chláir Oibre Uirbigh don Aontas Eorpach, agus na hardáin sin a thagann faoi Chlár Oibre an Aontais le haghaidh na gCathracha, féadtar foghlaim fhrithpháirteach faoi bheartais folláine leanaí a threisiú i measc na n-údarás áitiúil.

6 Moladh ón gCoimisiún maidir le córais chomhtháite cosanta leanaí a fhorbairt agus a neartú ar mhaithe le leas an linbh (Aibreán 2024).

**IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN EORPACH AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:**

27. **An tacaíocht do na Ballstáit a neartú chun bochtaineacht agus eisiamh sóisialta na leanaí a chomhrac, agus an Ráthaíocht Eorpach do Leanaí a chur chun feidhme**, lena n-áirítear trí thacú le cistiú tionscadal lena dtugtar aghaidh ar bhochtaineacht leanaí agus trí fhoghlaim fhrithpháirteach agus malartú dea-chleachtas a chur chun cinn a thuilleadh, i gcomhar le comhordaitheoirí na Ráthaíochta do Leanaí, le húdaráis áitiúla agus réigiúnacha, le heagraíochtaí na sochaí sibhialta agus le páirtithe leasmhara eile, agus sainiúlachtaí réigiún áirithe á gcur san áireamh chun feabhas a chur ar fholláine leanaí atá i ngátar. I gcomhréir le Creat Cáilíochta an Aontais Eorpaigh um Oideachas agus Cúram na Luath-Óige agus spriocanna Barcelona, leanúint de thacaíocht a thabhairt do na Ballstáit infheistíocht a dhéanamh i seirbhísí ardcháilíochta um oideachas agus cúram na luath-óige agus iad inrochtana, cuimsitheach agus inacmhainne, agus béim ar leith á leagan ar leanaí i staid leochaileach.

28. **Leanúint de thacaíocht a thabhairt do na Ballstáit, lena n-áirítear tríd an gCoiste um Chosaint Shóisialta**, chun cáilíocht agus infhaighteacht sonraí a fheabhsú, lena n- áirítear trí shonraí arna n-imdhealú de réir inscne, aoise agus tosca ábhartha eile a bhailiú agus a úsáid, chun neamhionannais a shainaithint ar bhealach níos fearr agus tacú le ceapadh beartas fianaisebhunaithe, faireachán a dhéanamh ar fholláine leanaí agus an Ráthaíocht Eorpach do Leanaí a chur chun feidhme. Féachaint ar bhealaí chun feabhas a chur ar an meastóireacht ar éifeachtaí fadtéarmacha na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí a bhaineann le leanaí, chun a áirithiú go mbeidh na deiseanna céanna ag gach leanbh a bheith rathúil agus a n-acmhainneacht iomlán a bhaint amach.

29. **Tionscnaimh agus gníomhaíochtaí a chur chun cinn lena neartaítear timpeallacht dhigiteach atá sábháilte, cuimsitheach, inrochtana agus aois-oiriúnach, agus lena gcumasaítear leanaí**, i gcomhréir leis na prionsabail dá bhfuil ann maidir le folláine an linbh ar líne agus cur i gcoinne na bearna digití, lena n-áirítear trí scoileanna a spreagadh chun feasacht níos fearr ar úsáid na teicneolaíochta a chur chun cinn. Béim a leagan ar a thábhachtaí atá sé sábháilteacht ar líne a áirithiú, leanaí a chosaint ar fhoréigean ar líne, ar dhúshaothrú, agus ar ábhar neamhdhleathach agus díobhálach, agus a litearthacht dhigiteach, a litearthacht sna meáin, a n-athléimneacht, úsáid iomchuí na hintleachta saorga, agus a rannpháirtíocht á gcothú ag an am céanna trí oideachas digiteach atá oiriúnach dá n-aois agus dá n-aibíocht. Aird a thabhairt, go háirithe, ar fhoréigean inscnebhunaithe ar líne, agus é á aithint go mbíonn tionchar díréireach aige sin ar chailíní, ach go bhféadfadh buachaillí a bheith neamhchosanta ar ábhar díobhálach ar líne freisin. Cur chun feidhme bhearta cuimsitheacha an Aontais a spreagadh, múscailt feasachta agus oideachas i measc leanaí, déagóirí, tuismitheoirí agus gairmithe a chur chun cinn, agus comhar a dhéanamh le páirtithe leasmhara ábhartha, lena n-áirítear eagraíochtaí na sochaí sibhialta, chun a áirithiú go dtacóidh an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach le cearta, sábháilteacht, folláine agus forbairt iomlán leanaí sa saol ar líne agus as líne araon.

30. **I gcomhar leis na Ballstáit agus leis na páirtithe leasmhara ábhartha, cur chuige cuimsitheach a fhorbairt maidir le conas gníomhú i gcásanna éigeandála**, lena ráthú go gcuirfear leanaí san áireamh nuair a bheidh freagairtí éigeandála á dtabhairt, agus lena áirithiú go gcuirfear na bearta uile in oiriúint do riachtanais shonracha gach linbh agus go gcosnófar a gcuid leasanna. Ba cheart gach cineál géarchéime a chumhdach leis sin, lena n-áirítear tubaistí nádúrtha agus tubaistí arb é an duine is cúis leo, éigeandálaí sláinte, coinbhleachtaí armtha, an t-athrú aeráide, agus cásanna daonnúla, agus ba cheart leanúnachas rochtana ar sheirbhísí fíor-riachtanacha a áirithiú leis, lena n-áirítear cosaint leanaí, cosaint ar fhoréigean, lena n-áirítear foréigean inscnebhunaithe, nósanna imeachta um aslonnú sábháilte agus um athaontú teaghlaigh, cumarsáid riosca lena gcuirtear leanaí san áireamh, agus bearta maidir le luathrabhadh agus comhordú, agus ar an gcaoi sin treisiú le tiomantas an Aontais cearta agus folláine leanaí a urramú i ngach cás.

## Tagairtí

### 1. Leibhéal idirinstitiúideach an Aontais

Colún Eorpach na gCeart Sóisialta

### 2. Reachtaíocht an Aontais

Treoir 2011/93/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le mí-úsáid ghnéasach agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí agus pornagrafaíocht leanaí a chomhrac

Treoir (AE) 2024/1385 maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac

### 3. Comhairle an Aontais Eorpaigh

Moladh ón gComhairle (AE) an 14 Meitheamh 2021 lena mbunaítear Ráthaíocht Eorpach do Leanaí

Moladh ón gComhairle an 8 Nollaig 2022 maidir le hoideachas agus cúram na luath-óige: spriocanna Barcelona do 2030

Conclúidí ón gComhairle maidir le straitéis an Aontais maidir le cearta an linbh (2022)

Conclúidí ón gComhairle maidir leis na cláir oibre beartais Eorpacha agus idirnáisiúnta maidir le leanaí, an óige agus cearta an linbh (2024)

Conclúidí ón gComhairle an 27 Bealtaine 2025 maidir le meabhairshláinte leanaí agus déagóirí a chur chun cinn agus a chosaint sa ré dhigiteach

Moladh ón gComhairle an 28 Samhain 2022 maidir le Conairí i dtreo na Rathúlachta Scoile

Conclúidí ón gComhairle an 21 Bealtaine 2025 maidir le cleachtais chuimsitheacha fhoghlaimeoir-lárnacha in oideachas agus i gcúram na luath-óige agus san oideachas scoile

### 4. Parlaimint na hEorpa

Rún i ndáil le Tús Áite do Leanaí - an Ráthaíocht do Leanaí a neartú, dhá bhliain tar éis a glactha (2023)

**5. An Coimisiún Eorpach**

Straitéis an Aontais maidir le Cearta an Linbh (2021)

Moladh ón gCoimisiún maidir le hInfheistíocht ar mhaithe le páistí: deireadh a chur le timthriall an mhíbhuntáiste (2013)

Moladh ón gCoimisiún maidir le córais chomhtháite cosanta leanaí a fhorbairt agus a neartú ar mhaithe le leas an linbh (2024)

Fostaíocht agus Forbairtí Sóisialta san Eoraip (2025)

Straitéis AE um Aontas na hUllmhachta chun bagairtí agus géarchéimeanna atá ag teacht chun cinn a chosc agus chun freagairt orthu (2025)

**6. Eurostat**

Leanaí atá i mbaol na bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta

https://ec.europa.eu/eurostat/statistics-explained/index.php?title=Children_at_risk_of_poverty_or_social_exclusion

**7. [Coiste na Réigiún**

Folláine Leanaí agus Sochair Leanaí - córais sochair leanaí a mhapáil ar fud Bhallstáit an Aontais][7]

**8. Eurofound**

Working for children matters: An overview of service delivery and workforce in Europe, (2025)

**9. Na Náisiúin Aontaithe**

*Convention on the Rights of the Child* [An Coinbhinsiún um Chearta an Linbh] (1989)

*Convention on the Rights of Persons with Disabilities* [An Coinbhinsiún ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas] (2006)

*Transforming Our World: the 2030 Agenda for Sustainable Development* (2015)

*Sustainable Development Goals (SDGs)* [Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFInna)] (2015)

*The State of the World's Children, Ending child poverty: Our shared imperative*, UNICEF (2025)

7 Táthar ag súil go nglacfaidh Coiste na Réigiún Tuairim an 5 Márta 2026.

**10. An Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE)**

Doing Better for Children (2009)

*The economic costs of childhood socio-economic disadvantage in European OECD countries* (2022)

Treating all children equally? (2020)

**11. Alt acadúil**

Clair, A. (2019). Housing: an under-explored influence on children's well-being and becoming. *Child Indicators Research, Imleabhar 12,* leathanaigh 609-626.

**12. Eile**

**Eurochild**

Tuarascáil shuaitheanta Eurochild 2025 maidir le leanaí atá i ngátar ar fud na hEorpa: *Unequal Childhoods: Rights on paper should be rights in practice*

Unequal-Childhoods-Rights-on-paper-should-be-rights-in-practice.pdf

**CHILDREN FIRST**

Faireachlann Phíolótach www.childrenfirstcy.com

The families in households typology: searching for families in social surveys (2025)

**COFACE**

Roadmap for boosting the rights and resilience of European families (2025) rEUsilience

Child Compass 2030: Shaping a healthy society, environment and economy fit for children, COFACE Families Europe

Paving the way for a disability-inclusive Child Guarantee, COFACE Families Europe

Report of the European Observatory on Family Policy: Towards greater family policy integration across Europe, COFACE Families Europe (2023)

Key findings: the role of prevention systems for implementing the European Child Guarantee, COFACE Families Europe (2024)

Factsheet on Childcare gap in the European Union |COFACE Families Europe

**Fóir ar na Leanaí**

Child Poverty: The Cost Europe Cannot Afford (2025)

Fighting Child Poverty in Europe: A call to action for EU policymakers (2024)

Investing in Childhood: Charting a path to end child poverty across Europe (2024)

Guaranteeing Children's Future: How COVID-19, cost-of-living and climate crises affect children in poverty and what governments in Europe need to do (2023)